Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Feabhra 2023
(OR. en)

6108/23

CDR 25

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na hEastóine, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir uaidh an 23 Samhain 2022, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú ar dá bhun a moladh Varje TIPP a cheapadh ina comhalta de Choiste na Réigiún agus ar dá bhun a ceapadh í[1].

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Varje TIPP, mhol Rialtas na hEastóine [2]Tiit TERIK, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Tallinna Linnavolikogu liige* (Comhalta de Chomhairle Cathrach Thaillinn), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

[1] 15198/22.
[2] 6104/23.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 6106/23 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.